

Oifig an Ard-Aighne

Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

OFFICIAL LANGUAGES ACT 2003

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

SCHEME 2007-2010

SCÉIM 2007-2010

CLÁR

- 1. Réamhrá agus Cúlra**
- 2. Oifig an Ard-Aighne ina n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas**
- 3. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**
- 4. Geallsealbhóirí**
- 5. Léargas ar na hOifigí agus an mhéid a chuirtear seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge cheana féin**
- 6. Breisiú na seirbhísí le cur ar fáil trí mheán dátheangach nó trí mheán na Gaeilge**
- 7. Monatóireacht**
- 8. Poibliú na Scéime comhaontaithe**

1. Réamhrá agus Cúlra

Is iad Oifig an Ard-Aighne a chuimsíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a d’ullmhaigh an scéim seo faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”). Forálann Alt 11 Scéim reachtúil á ullmhú ag comhlachtaí poiblí a shonraíonn na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla
- agus na bearta a dtabharfar fúthu chun cinntiú go soláthróidh an comhlacht, taobh istigh d’amsála comhaontaithe, trí Ghaeilge aon seirbhís nach soláthraítear cheana trí mheán na Gaeilge.

Cuimsíonn Oifig an Ard-Aighne (OAA) Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODPR) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS).

Mar gheall ar fhoirceadal idirscartha na gcumhachtaí, tá sé tábhachtach a aithint nach dtugann an tArd-Aighne comhairle dhlí do bhrainsí eile den Rialtas, is é sin le rá, an tUachtarán agus na brainsí reachtacha agus breithiúnacha. Tá sé tábhachtach le haithint fosta nach dtugann an tArd-Aighne agus foireann na hOifige comhairle dhlí do bhaill den phobal ná nach nglacann aon taighde dlí mar chúram ar a shon. Ba chóir do bhaill den phobal ar mian leo comhairle dhlí nó pholaitiúil a iarraidh dul i gcomhairle lena gcuid comhairleoirí féin. I dtaca le Caingne Réadais agus Scéim an Ard-Aighne, dírimid d’aird ar an fhaisnéis a thugtar ar ár láithreán gréasáin ag <http://www.attorneygeneral.ie/> ar a bhfuil sonraí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

1.1 Treoirlínte faoi Ullmhúchán Scéime

Forálann Alt 12 den Acht d’ullmhúchán treoirlínte ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus a n-eisiúint do chomhlachtaí poiblí chun cuidiú leo le dréacht-Scéimeanna a ullmhú. Dréachtaíodh an Scéim seo ag cur san áireamh na treoirlínte slánaithe a eisíodh do chomhlachtaí poiblí i Mí Mheán Fómhair, 2004. Bhí Oifig an Ard-Aighne a chuimsíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, páirteach sa Ghasra Oibre Idir-Rannach a d’ullmhaigh agus a shlánaigh na treoirlínte seo i ndiaidh dul i gcomhairle le gach Roinn agus Oifig Rialtais.

D’fhoilsigh na hOifigí fógra faoi Alt 13 den Acht i mí Iúil, 2006 ag fáiltiú roimh uirill ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhúchán na dréacht-Scéime faoi Alt 11. Socraíodh ar 24 Lúnasa, 2006 mar dháta deiridh le haighneachtaí a fháil ó pháirtithe leasmhara. Tá na haighneachtaí uile a rinneadh ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag <http://www.attorneygeneral.ie/> Tugadh fios agus faisnéis don Scéim de thairbhe na n-aighneachtaí seo agus fosta, de thairbhe barúlacha agus moltaí a thairg foirne an dá Oifig. Is mór ag na hOifigí an t-am atá caite agus na hiarrachtaí atá déanta acu siúd atá bainteach leis an phróiseas seo.

1.2 Ábhar Scéim na Teanga

Grúpa ionadaíoch don dá Oifig a d’ullmhaigh an Scéim. Is iad na Coistí Comhairleacha Bainistíochta Áitiúla agus Comhchoiste OAA/OPAS Comhairleach Bainistíochta Sinsearaí a bheidh freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim.

Cuireann an Scéim lena gcuirtear de sheirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair mar bhunphointe. Is i gcorp na Scéime a aithnítear réimsí seirbhíse a sholáthraíonn na hOifigí a bheidh le breisiú amach anseo.

Cuimsíonn an Scéim fosta gealltanas chun leibhéal an éilimh ar sheirbhíse i nGaeilge a mheas ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go leanann na hOifigí ag freastal ar an éileamh ar dhóigh atá pleanáilte, comhtháiteach agus éasca le teacht air. Leanfaidh na hOifigí ag tomhas go bliantúil leibhéal na bhfiosruithe agus na n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Rachaidh sí i bhfeidhm ó 20 Meitheamh, 2007 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann trí bliana ón dáta seo nó go ndeimhneoidh an tAire Scéim nua de bhun Ailt 15 den Acht, cibé acu ceann is túsce.

2. Oifig an Ard-Aighne ina n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

2.1 Ról an Ard-Aighne

Déantar cur síos ar ról an Ard-Aighne mar "chomhairleoir don Rialtas i gcúrsaí dlí agus tuairimí dlí" in Airteagal 30 na Bunreacht. Tá cur síos ar fheidhmeanna, chumhachtaí agus dhualgais an Ard-Aighne sa Bhunreacht, i reachtaíocht (go príomha in alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe, 1924), i gcoinbhinsiún bunreachtúil agus i gcinntí breithiúnacha a seachadadh roimh agus i ndiaidh bunaithe an Stáit. De bhua an naoú cuid den sceideal leis an Acht thuasluaite, bíonn rialú agus freagracht ag an Ard-Aighne ar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

2.2 Róil agus Feidhmeanna Oifig an Ard-Aighne

Luann Ráiteas Straitéise na hOifige 2006 – 2006:-

"Is é misean Oifig an Ard-Aighne ná seirbhísí dlí gairmiúla ar an chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí."

Is iad príomh-róil na hOifige ná:

- tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne chun dualgais na hoifige sin a chomhlíonadh;
- seirbhísí dlí gairmiúla ar an chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí;
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar;
- cur le seirbhís éifeachtach phoiblí trí chomhordú ar sheirbhísí dlíthiúla an Stáit a spreagadh agus a bheith páirteach ann;

- a chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla agus gaol oibre éifeachtach torthúil ar an Rialtas, na Ranna, agus na hOifigí, ag cur san áireamh an Clár Athruithe sa tSeirbhís Phoiblí agus, go háirithe, prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin don Chustaiméir.

2.2.1 An tAbhcóide Comhairleach

Tá taobh Comhairleach na hOifige roinnte ina chúig shainghrúpa a chlúdaíonn na speisialtachais dlíthiúil go léir. Is éard atá ann ná abhcóidí (Abhcóide Comhairleach) agus déanann gach duine acu speisialtóireacht i sainréimsí éagsúla dlí. I gceannas gach grúpa ar leith tá bainisteoir grúpa a bhfuil céim aige nach ísle ná cothrom Rúnaí Chúnta. Is é príomhdhualgas an Abhcóide Chomhairligh ná cuidiú a thabhairt chun feidhmeanna agus dualgais an Ard-Aighne a chomhlíonadh. Tá foireann chléireach tacaíochta tiomnaithe ag gach grúpa atá eolach ar ghnó an ghrúpa. Clúdaítear réimse fairsing ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse feidhmiúcháin, mar atá:

- soláthar na comhairle;
- stiúradh na dlíthíochta;

- glacadh páirte i soláthar seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

2.2.2 Buan-Ionadaíocht san Aontas Eorpach

Tá Abhcóide Comhairleach sannta ag an Oifig le bheith ar iasacht ag Buanionadaíocht na hÉireann san Aontas Eorpach sa Bhruiséil mar thaidhleoir dlí. Ón am ar bunaíodh é sa bhliain 1996, tá ról an taidhleora dlí éirithe anois ina ghné intreach bunriachtanach d'fheidhmiú éifeachtach na Buanionadaíochta. Is ról an- ilghnéitheach é agus baineann raon leathan feidhmeanna agus dualgas leis.

Tugann an taidhleoir dlí comhairle dlí d'ionadaithe na Ranna Rialtais uile atá ina mbaill den Bhuanionadaíocht, ar raon leathan saincheisteanna dlí a éiríonn ar bhonn laethúil agus a mbíonn an-phráinn leo go minic. Toisc go mbíonn an taidhleoir dlí páirteach i gcaibidlí tábhachtacha an AE, lena n-áirítear athchóiriú an Chonartha agus forbairtí suntasacha eile maidir le reachtaíocht, bíonn luathbhaint anois ag an Ard-Aighne le comhairliú ar shaincheisteanna suntasacha dlí an AE. Cuimsíonn an ról seo comhairlí, tuairimí agus faisnéisithe a

sholáthar ó bhéal agus i scríbhinn maidir le hábhair dlí an AE, agus saincheisteanna dlí baile agus bunreachta a éiríonn i gcomhthéacs bhallraíocht na hÉireann den Aontas. Éascaíonn an tseirbhís seo le comhairle dlí a lorg agus a sholáthar i dtaobh tionscnamh comhphobail agus déanann sé iarracht a chinntiú go mbíonn na Ranna feasach agus suas chun dáta, sa mhéid is féidir, ar a ndualgais faoi dhlí na hEorpa. Cuimsíonn an ghné thaidhleoireachta den ról, comhairliúchán, faisnéisiú agus caibidlíocht fhairsing taobh istigh den Chomhairle chun leasa dlíthiúla an Stáit a chosaint agus a chur chun cinn.

2.2.3 Dréachtóirí Parlaiminte

Is éard atá in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais (ODPR) ná foireann saindlíodóirí a bhfuil leibhéal ard oiliúna acu i ndisciplín dhréachtú na reachtaíochta. Is é misean an ODPR ná seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a chur ar fáil agus chun faisnéis a chothabháil ar dhul chun cinn dréachtaithe na reachtaíochta.

Is í príomhobair an ODPR ná Billí Rialtais a dhréachtú lena dtabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach a

dhréachtú, de réir mar is cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-

áirítear ionstraimí a aistríonn reachtaíocht an AE go dlí baile faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972.

Is ceannasaí an ODPR í an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus, laistigh d'Oifig an Ard-Aighne, tá an fhreagracht fhoriomlán uirthi maidir leis na seirbhísí dréachtaithe a sholáthraíonn sí le haghaidh reachtaíochta.

Tá ODPR eagraithe ina trí ghrúpa, gach ceann acu freagrach as seirbhísí dréachtaithe a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí áirithe an Rialtais. I gceannas gach grúpa ar leith tá bainisteoir grúpa a bhfuil de chéim aige nach ísle ná cothrom Rúnaí Chúnta. Tá an Bainisteoir Grúpa freagrach as bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh sheirbhísí dréachtaithe an ODPR ar na Ranna agus na hOifigí a dháilfear ar an ghrúpa sin. Tá foireann chléireach tacaíochta tiomnaithe ag gach grúpa atá eolach ar ghnó an ghrúpa.

2.2.4 Riarachán

Is é atá ann i Rannóg seo na hOifige ná Aonaid thiomnaithe Ghnó a thacaíonn le foráil na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig agus dualgais

na hOifige go deimhin i gcomhthéacs an Chláir Athruithe sa tSeirbhís Phoiblí. Tá na hAonaid Ghnó mar a leanas:-

- Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó
- Aonad TF
- Clárlann
- Aonad Airgeadais
- Aonad Acmhainní Daonna
- Aonad Oiliúna agus Forbartha
- Aonad Iniúchta Inmheánaigh (roinnte leis an OPAS)
- An Fhoireann um Bainistiú Athruithe (roinnte leis an OPAS)
- Aonad Seirbhísí
- Oifig Phríobháideach an Ard-Aighne
- Oifig Phríobháideach an Ard-Stiúrthóra
- Oifig Phríobháideach an Phríomh-Dhréachtóra Parlaiminte.

3. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

3.1 Róil agus Feidhmeanna na hOifige

Is comhpháirt d'Oifig an Ard-Aighne Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus is í an príomhsholáthraí sheirbhísí aturnae í don Ard-Aighne

agus do gach Roinn agus Oifig Rialtais. Cuireann an CSSO seirbhís aturnaí ar fáil, fosta, do Ghníomhaireachta áirithe eile Stáit agus do Bhinsí Fiosrúcháin, ach ní fheidhmíonn sí ar son baill den phobal.

Ar phríomhfheidhmeanna na hOifige tá;

- maoin an Stáit a thíolacadh, lena n-áirítear plé le cúrsaí tiarnaí talún agus tionóntaí agus cúrsaí eile maoin.
- comhairle dlí a sholáthar faoi shaincheisteanna éagsúla a chuireann an Rialtas, na Ranna agus na hOifigí isteach, agus dréachtú na gcáipéisí dlíthiúla riachtanacha a ghabhann leo, lena n-áirítear conarthaí tráchtála.
- seirbhís Dlíodóra a sholáthar i ngach cúirt shibhialta a bhfuil an Stát, aon Údarás Stáit nó an tArd-Aighne bainteach léi.
- ionchúisimh a thionscnaíonn Airí nó Ranna Rialtais a ullmhú agus a sheachadadh.
- seirbhís Dlíodóra a sholáthar don Gharda Síochána i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna Bhiúró na Sócmhainní Coiriúla.
- feidhmiú mar Ghníomhaire an Rialtas os comhair Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa.

- feidhmiú don Stáit i bhFiosruithe faoi Achtanna na mBinsí Fiosraithe (Fianaise) 1921-2004 agus foireann dlí a sholáthar chun feidhmiú ar son na mBinsí, leas an phobail agus Údarás Stáit ábhartha eile.
- comhairliú páirtithe Stáit i gcúrsaí tearmainn, dídine agus inimirce agus ionadaíocht a dhéanamh dóibh.
- feidhmiú don Stát in imeachtaí Eiseachadta agus Bharántas Gabhála na hEorpa, in Iarratais ar Chúnadh Frithpháirteach, Ionchoisní, Iarratais ar Mhaoin Phóilíní, agus cásanna a bhaineann le hAistrithe Daoine Daortha.
- feidhmeanna a chomhlíonadh faoi Rialachán na Comhairle (C.E.) Uimh. 1348/2000 den 29 Bealtaine 2000 agus faoi Choinbhinsiún na Háige 1965 maidir le seirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach i gcúrsaí sibhialta nó tráchtála thar lear.
- ionadaíocht a dhéanamh don Stát agus d'Údarás an Stáit i bhfómhais costas os comhair na Máistrí Fómhais agus in achomhairc.

De ghnáth, is í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, trí Oifig an

Phríomh Aturnae Ionchúisimh, a chuireann an tseirbhís aturnae ar fáil

d'ionchúiseamh na coire. I gcás ionchúiseamh a tharlaíonn taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath leanann an tseirbhís aturnae Stáit áitiúil leis an tseirbhís aturnae a sholáthar. Tá sé ceaptha go n-aistrefar gan mhoill an fhreagracht as an tseirbhís aturnae áitiúil Stáit a sholáthar agus a bhainistiú ón OPAS go hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

3.1.1 Rannóga Reachtúla

Eagraítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit de réir chúig Rannóga reachtúla. Is iad na cúig Rannóga reachtúla Comhairleach, An Dlí Coiteann, Ceart agus Tearma, Dlí Poiblí agus Maoin Stáit. Eagraítear gach Roinn i míreanna (nó, i gcásanna áirithe, foirne) de réir chosúlacht oibre nó chliaint. Glacann an eagraíocht san áireamh príomhéilimh na gcliaint.

3.1.2 Riarachán

Tá Aonaid tiomnaithe Gnó i Roinn seo na hOifige a thugann tacaíocht do sholáthar seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil agus, go deimhin,

dualgais na hOifige i gcomhthéacs an Chláir Um Leasaithe Seirbhíse Poiblí. Is iad na hAonaid sin ghnó:-

- Aonad Acmhainní Daonna
- Aonad Traenála agus Forbartha
- Aonad Leabharlainne agus Fios Ghnó
- Aonad na gCuntas
- Aonad TF
- Aonad Seirbhísí Oifige
- Lárionad Cláraithe agus Taifead
- Oifig Phríobháideach an Phríomh-Aturnae

4. Geallsealbhóirí

Is iad seo a leanas geallsealbhóirí Oifig an Ard-Aighne agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit:-

Rialtas

Rannóga agus Oifigí (a iarrann agus a fhaigheann seirbhísí reachtúla)

Cúirteanna

Rannóga agus Oifigí Stáit (ag comhlíonadh dualgas reachtúil)

Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Oifig an Phríomh-Aoire

Coiste Chuntais Phoiblí na Dála /Ríomh-stiúrthóir agus Iniúchóir

Ginearálta

Seirbhís na gCúirteanna

Painéil Dréachtóirí

Eagrais Thearmainn

Roinn an Taoisigh

Coistí an Oireachtais

Oifig na mBillí Thithe an Oireachtais

An Roinn Airgeadais

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

An Roinn Gnóthaí Eachtracha – Buanionadaíocht na hÉireann san

Aontas Eorpach

Oifig na n-Oibrithe Poiblí

An Ghairm Dhlí

Eagras Éilimh Stáit

Coimisiún um Leasaithe Dlí

Binsí Fiosrúcháin

Coimisiún an AE

Comhairle an AE

Institiúid an AE

Cúirt na hEorpa um Chearta

Cúirt na hEorpa um Chearta Daonna

Eagrais Earcaíochta

Tacaíocht Eachtracha Phroifisiúnta

Eagrais Neamhspleácha

5. Léargas ar na hOifigí agus an mhéid a chuirtear seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge cheana féin

5.1 Ginearálta

Ó achtachán Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2003, d'fhoilsigh Oifig an Ard-Aighne agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit Tuairiscí Bliantúla agus Ráitis Straitéise de réir forálacha Alt 10 d' Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus d'fhoilsigh fosta Cairteacha Cliant agus Custaiméirí agus Treoracha Seirbhíse Cliant agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla ar aon. Cuireann an Oifig seirbhísí ar leith ar fáil mar Ghníomhaíochtaí Insteora agus Scéim an Ard-Aighne agus tá sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag <http://www.attorneygeneral.ie/> i mBéarla agus i nGaeilge ar aon. Seoladh leagain Ghaeilge de láithreáin Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i Nollaig, 2005, agus tugtar an t-aitheantas céanna do na leagain Ghaeilge agus Bhéarla ar an dá shuíomh. Soláthraíonn an Oifig freagraí i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge de réir forálacha Alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Má thionscnaítear imeachtaí dlí i nGaeilge, tugtar an cás do bhaill foirne dlí i ngach oifig a bhfuil

Gaeilge ar a dtoil acu agus ainmnítear abhcóide atá líofa sa Ghaeilge le feidhmiú ar son an Stáit. Cuireann an dá Oifig an Ghaeilge chun cinn go gníomhach i measc foirne go ginearálta agus spreagann an fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge.

5.1.1 Oifig an Ard-Aighne ina n-áirítear Oifig na nDréachtóirí don Rialtas

Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go mbíonn caighdeán agus teacht níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge. Deir Treoir Seirbhíse Cliaint an Ard-Aighne 2005-2007:-

"leanfaimid ar aghaidh le gach iarracht, de réir mar is cuí, chun seirbhís a sholáthar trí mheán na Gaeilge do chustaiméirí nó do chliaint a chuireann scairt ar nó a thugann cuairt ar an Oifig agus ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge beidh muid ag comhoibriú le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir le faisnéisiú agus oibriú le hAbhcóidí le Gaeilge i gcásanna oiriúnacha."

Mar a thugtar le fios i bparagraf 1 thuas , tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuireann an tArd-Aighne agus an fhoireann san Oifig comhairle dlí ar fáil don phobal ná ní thugann siad faoi thaighde dlí ar a son. Leagann an t-alt seo amach an méid seirbhísí a chuirtear ar fáil do chliant agus, go hindíreach, don phobal, san áit a mbíonn siad ar fáil, an méid acu a chuirtear ar fáil as Gaeilge más gá.

5.1.2 Abhcóide Comhairleach

Mar a luadh i bparagraf 5.1 thuas, má chuirtear imeachtaí reachtúla ar bun as Gaeilge, tugtar an cás do bhaill foirne sa Oifig a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus ainmníonn an Abhcóide Comhairleach cuí abhcóide a bhfuil Gaeilge líofa aige nó aici le feidhmiú ar son an Stáit. Go deimhin, déanann baill an phobail ghinearálta comhfhreagras leis an Oifig ar bhonn rialta agus coinníonn an Oifig painéal neamhfhoirmiúla Abhcóide Comhairleach a bhfuil Gaeilge acu, iad a aithníonn agus a fhreagraíonn na litreacha agus an comhfhreagras seo. Fosta, tugtar freagraí as Gaeilge do chomhfhreagras as Gaeilge a fhaightear ó dhlíodóirí san Oifig de réir forálacha Alt 9(2) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

5.1.3 Dréachtóirí Parlaiminte

Dréachtaítear reachtaíocht phríomhúil agus reachtaíocht thánaisteach in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas as Béarla. Tá sé mar dhualgas ar Rannóg an Aistriúcháin in Oifig na mBillí, Tithe an Oireachtais, gach bunreachtaíocht a aistriú go Gaeilge.

5.1.4 Riarachán

Leagann paragraf 5.1 thuas amach na seirbhísí a chuireann an lucht Riaracháin ar fáil as Gaeilge. I measc na seirbhísí eile tá caomhnú an láithreáin ghréasáin, comórtais earcaíochta, foilsíú Tuairiscí, foirmeacha iarratais ar ainmniú abhcóide ag an Ard-Aighne, tuiscint na foirne a ardú agus úsáid na Gaeilge agus cúrsaí oiliúna Gaeilge a fhógairt. Sa bhliain 2005 bhunaigh an Oifig grúpa deonach, Coiste Gaeilge, chun tuiscint ar an teanga a chur chun cinn agus tagann an grúpa le chéile go minic le gnéithe áirithe a phlé ionas gur féidir le baill áirithe a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Foilsíonn an Oifig, in éineacht leis an OPAS nuachtlitir don fhoireann agus bíonn ailt as Gaeilge in eagráin go minic. Fosta, tá Polasaí Oiliúna Gaeilge ag Oifig an Ard-Aighne a bhunaíonn creatlach chun éifeacht agus cumas

oiliúna teanga a mhéadú, ina n-áirítear oiliúint Gaeilge a chur ar fáil d'fhoireann.

5.1.5 Oifig an Príomh Aturnae Stáit

Deir ceann den dá phrionsabal déag de Sheirbhís ArdChaighdeáin de Chustaiméirí gur chóir Roinn agus Oifigí a seacht ndícheall a dhéanamh chun

Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar trí mheán na Gaeilge nó/agus dátheangach agus cur in iúl do chustaiméirí faoina gceart le rogha a dhéanamh lena seirbhís a phlé trí cheachtar na dteangacha oifigiúla.

Leagann *Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2005-2007* d'Oifig an Príomh Aturnae Stáit na tiomantais seo a leanas chun na prionsabail seo a chomhlíonadh. Tá an Oifig ag cur na tiomantais uile seo i bhfeidhm go gníomhach.

- *Tá OPAS tiomanta do cur chun cinn na Gaeilge agus déanfaidh sé gach iarracht chustaiméirí a éascú ar mian leo a ngnó a*

dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

- *Rinneadh suirbhé ar fhoireann OPAS ag deireadh na bliana 2004 chun measúnacht a dhéanamh ar a gcumas sa Ghaeilge agus an tsuim a bhí acu inti agus aithníodh idir chumas agus thoilteanas chun seirbhíse a sholáthar trí mheán na Gaeilge.*

- *Go háirithe, déanfaidh OPAS :*
 - *Freagra a thabhairt as Gaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge de réir cuid 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.*
 - *Rannpháirtíocht na foirne a spreagadh agus a thacú i scéimeanna traenála teanga na Státseirbhíse.*
 - *Comhoibriú le hOifig an Ard-Aighne i bhfaisnéisiú agus obair le abhcóidí a bhfuil Gaeilge líofa acu i gcásanna chuí.*
 - *ainmneacha baill foirne atá cumasach sa Ghaeilge a chur ar ár gclár fógraí leictreonach agus athbhreithniú a dhéanamh air go rialta.*

- *Liosta de dhaoine agus comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí aistriúcháin Gaeilge a chaomhnú agus a nuashonrú.*
- *Cinntiú go bhforbraítear agus nuashonraítear liosta na bhfoilseachán Gaeilge i Leabharlann OPAS ar bhonn rialta.*
- *Lean den phróiseas a bhfuil tús leis cheana chun doiciméadú dleathach a úsáidtear go minic a aistriú go Gaeilge.*
- *Eolas a sholáthar i nGaeilge ar láithreán gréasáin OPAS.*
- *Ár Ráiteas Straitéise agus ar dTuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú go comhuaineach i idir Ghaeilge agus Bhéarla de réir Alt 10 de Acht na Teangacha Oifigiúla 2003.*
- *Coiste Teanga inmheánach a bhunú chun oiriúnacht a eagrú agus a chinntiú le tiomantais OPAS de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003”*

5.1.6 Leabhar Reachtanna i bhfoirm Leictreonach (eISB)

Ó 1998, d’fhoilsigh Oifig an Ard-Aighne Leabhar Reachtanna i

bhfoirm leictreonach ag <http://www.irishstatutebook.ie> atá nasctha le

láithreán gréasáin na hoifige ag <http://www.attorneygeneral.ie/>.
Áirítear sa Leabhar Reachtanna Leictreonach an téacs iomlán sa Bhéarla de na hAchtanna uile ó 1922-2005, Ionstraim Reachtúla ó 1922 go 350 de 2005 agus Táblaí Cróineolaíocha na Reachtanna ó 1922 go 2004. Tá an láithreán gréasáin á nuashonrú faoi láthair chun leagan Gaeilge na n-Achtanna uile (leasaithe bunreachtúla san áireamh) a ritheadh sa dá theanga oifigiúla, a chur isteach.

De réir Treoirlínte na Rannóga Phoiblí, tá an Oifig ag cur míosúir inrochtaineachta agus inúsáidteachta i bhfeidhm ar An Leabhar Reachtanna Leictreonach.

Tá an Oifig ag dul i mbun Athbhreithniú Caiteachais (VFM) ar Chothabháil Thionscnamh Leabhar Reachtanna na hÉireann i bhfoirm leictreonach, rud a scrúdóidh straitéis sa todhchaí don Leabhar Reachtanna fosta.

Níl aon phleananna ann chun eagrán den Leabhar Reachtanna i bhfoirm leictreonach a fhoilsiú sa Ghaeilge. Óstáilíonn Títhe an Oireachtais an láithreán gréasáin <http://www.acts.ie/> ina bhfuil

Achtanna an Oireachtais sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ó 1922 go dtí an lá atá inniu ann. Faoi láthair áfach, tá cuid de leaganacha Gaeilge na nAchtanna nach bhfuil san áireamh sa bhunachar (go háirithe na hAchtanna sin a ritheadh sna blianta ó 1993 go 1997) ach tá sé de rún na hAchtanna seo a chur san áireamh a luaithe agus is féidir.

6 Breisiú na seirbhísí le cur ar fáil trí mheán dátheangach nó trí mheán na Gaeilge

6.1 Tiomantas Ginearálta d'Oifig an Ard-Aighne ina n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Príomh Aturnae-Stáit

Tá na hOifigí tiomanta ní amháin chun leibhéal na seirbhíse atá á soláthar acu trí mheán na Gaeilge faoi láthair a chothabháil ach chun leibhéal na seirbhíse sin atá á soláthar do chliaint, do chustaiméirí agus go hindíreach don pobal go dátheangach agus trí mheán na Gaeilge a fheabhsú freisin.

Bainfidh gealltanais caighdeáin na seirbhísí atá glactha ag na hOifigí mar atá leagtha amach i *'Treoir Sheirbhíse na gCliaint 2005-2007'* d'Oifig an Ard-Aighne (Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

san áireamh) agus ‘*Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2005-2007*’ do Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus go deimhin i *gCairteacha Cliant agus Custaiméirí* na hOifige, maidir le seachadadh seirbhísí, bainfidh sé leis na seirbhísí siúd cé acu atá seachadta sa Ghaeilge nó sa Bhéarla.

Cuirfidh na hOifigí feabhas ar an leibhéal tacaíochta don Ghaeilge (m.sh. cur le feidhmiúlacht seiceálaí litrithe) a sholáthar i sraith táirgiúlachta deisce lárnach de gheall ar é chur chun chríoch le linn na bliana 2007. Ina theannta sin, beidh na hOifigí tiomanta chun comhoiriúnacht leis an Ghaeilge a chinntiú sna córais ríomhaireachta chuí agus iad ag suiteáil córais nua nó ag cothabháil nó ag uasghrádú ar chórais atá ann faoi láthair, faoi réir infhaighteacht agus gan cur isteach ar leibhéal na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair.

Ag tabhairt aird ar théarmaí tagartha na hOifigí, is beag éileamh atá ann ar sheirbhísí idirghníomhachta dírithe ar an phobal. Mar sin féin má tharlaíonn sé go bhfuil siad á n-iarraidh, tá na hOifigí tiomanta le tús a chur lena leithéid de sheirbhísí amach anseo go comhuaineach sa dá teanga.

I gcomhthéacs lenár ndualgais a chomhlíonadh de réir Alt 8 den Acht agus ullmhúchán na Scéime seo, scríobh Oifig an Ard-Aighne chuig na habhcóidí uile i Leabharlann an Dlí i mí Iúil 2006 a léirigh a dtoilteanas feidhmiú ar son an Stáit, agus é ag tabhairt cuiridh orthu siúd a raibh ardleibhéal cumas sa teanga acu agus a bhí líofa sa teanga lena dtoilteanas a léiriú feidhmiú ar son an Stáit i gcásanna a dhéanfaí trí mheán na Gaeilge má ainmnítear iad tríd Oifig an Ard-Aighne. Chuir líon abhcóidí comhfhreagras ar ais agus déanfar measúnacht ar a n-ainm maidir le hoiriúnacht i gcomhthéacs chríoch a chur le painéal chun feidhmiú ar son an Stáit i gcásanna dá leithéid.

Leanfaidh an Oifig lenár ngealltanais chun seirbhísí a sholáthar i nGaeilge a chomhlíonadh mar a leagtar síos sa Scéim seo. Déanfaidh an Oifig tomhas ar bhonn leanúnach ar éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge ó chliaint agus ó chustaiméirí agus cuirfidh sé bearta breise i bhfeidhm chun infhaighteacht na n-acmhainní chuí a chinntiú, chun an éileamh seo a bhaint amach. Éascóidh na hOifigí, tríd an bpróiseas Comhpháirtíochta, cothabháil na bhFo-Ghrúpaí Gaeilge ar leith in Oifig an Ard-Aighne, ina n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte

agus Oifig an Príomh-Aturnae Stáit a chumasaíonn deonacha as gach oifig. Beidh comhoibriú dlúth idir na Fo-Ghrúpaí seo agus beidh ról acu i gcomhordú agus i gcur chun cinn na teanga i gcoitinne sa dá oifig. Déanfaidh an dá Fho-Ghrúpa teagmháil le Oifigeach na Gaeilge agus tabharfaidh siad tacaíocht dó/di.

6.2 Oifigeach na Gaeilge

Bhunaigh Oifig an Ard-Aighne post d'Oifigeach na Gaeilge sa bhliain 2002. Ba é fócas an phoist go dtí seo tuiscint a chruthú ar an Ghaeilge in Oifig an Ard Aighne agus bhí an t-oifigeach éascaithe ag Grúpa deonach Coiste na Gaeilge. Bunóidh Oifig an Príomh-Aturnae Stáit a mhacasamhail de phost san Oifig sin agus comhoibreoidh an bheirt Oifigeach, éascaithe ag na Fo-Ghrúpaí Chomhpháirtíochta i ngach Oifig a bhunófar gan mhoill, chun cur chuige dírithe comhordaithe a sholáthar chun leibhéal na seirbhíse trí mheán na Gaeilge, atá á soláthar, a fheabhsú thar saol na scéime seo.

Beidh na hOifigigh ag comhoibriú go dlúth maidir le cúrsaí Gaeilge a thagann chun cinn san dá Oifig. Is iad soláthar d'oiliúint chuí i

mbeannachtaí bunúsacha sa Ghaeilge d’fhoireann fáiltithe ceisteanna tosaíochtaí láithreach.

Beidh na hOifigigh ag comhoibriú leis na Cinn Riaracháin sa dá Oifig maidir le riachtanais traenála do bhaill foirne de réir mar a aithnítear iad ag eascairt ó am go chéile.

Cuirfidh na hOifigigh cuidiú tacaíochta ar fáil mar phointe tagartha d’fhoireann uile atá ag glacadh le scairteanna ghutháin nó ag plé le comhfhreagras eile scríofa nó leictreonach sa Gaeilge.

Déanfaidh na hOifigigh, le cuidiú ó na Fo-Ghrúpaí Comhpháirtíochta faoi seach tuarascáil dhébhlíantúil (Tuarascáil na Gaeilge) chuig na Príomhchoistí Chomhairleach Bhainistíochta agus áitiúla, ag aithint na gcéimeanna a tógadh i gcomhlíonadh ghealltanais na n-Oifigí faoi Scéim 2006-2009 agus ag tabhairt moltaí maidir le hoiliúint breise agus riachtanais áiseanna.

Tiomnóidh na Coistí Áitiúla agus na Príomhchoistí Comhairleacha Bhainistíochta leis na riachtanais a chomhlíonadh maidir le hoiliúint

agus le hacmhainní atá sainaitheanta ag na hOifigigh ina dtuarascálacha débhlíantúla.

Déanfar an chéad tuarascáil (Tuarascáil na Gaeilge) i Mí na Nollag 2007 agus gach sé mhí ina dhiaidh sin. Déanfaidh na Príomhchoistí Comhairleacha Bainistíochta agus na Coistí Áitiúla soláthar chuí don ualach oibre a éiríonn uaidh i gcomhthéacs na hoibre atá á dáileadh do na hOifigigh a bhfuil na poist sin acu. Tá an Oifig tiomanta chomh maith le hoiliúint riachtanach agus cothabháil scileanna teanga do na hOifigigh a éascú.

6.3 Gníomhuithe eile ar leith ag tacú do fheabhsú ar sheirbhísí

Spreagfaidh na hOifigí agus éascóidh siad foireann freastal ar chúrsaí traenála i rith an lae oibre chun a scileanna teanga a fheabhsú. Is iad fáilteoirí agus oibreoirí lasc-chláir an chéad phointe teagmhála leis an phobal. Is é polasaí na hOifige a chinntiú go gcuirfear cleachtas Gnáthsheirbhíse ArdChaighdeáin do Chustaiméirí (SAC) (QCS) i bhfeidhm i dtaca leis seo. Cuirfidh na hOifigí seirbhís dátheangach ar

fáil ó oibreoirí lasc-chláir agus fáilteoirí faoi 1ú de Mhárta 2008. Ón dáta sin:

- Beidh foireann an fháiltithe/ oibreoirí lasc-chláir in ann ainm na hOifige a thabhairt as Gaeilge;
- Beidh siad eolach ar a laghad ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge;
- Cuirfear socruithe oiriúnach i bhfeidhm gur féidir leo baill an phobail a chur i dteagmháil leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá uathu a sholáthar trí mheán na Gaeilge de réir mar atá siad ar fáil.
- Soláthrófar oiliúint d'oibreoirí lasc-chláir agus fáilteoirí le cinntiú go pléitear le cumarsáid sa Ghaeilge i ndóigh tráthúil sásúil.

D'ainneoin nach bpléann na hOifigí go díreach leis an phobal nó ag soláthar seirbhísí don phobal, cuirfear socruithe i bhfeidhm ó thús na Scéime le cinntiú go bpléifidh duine a bhfuil Gaeilge líofa aige nó aici le baill an phobail ar bith a scairteann ar an Oifig agus ar mian leis nó léi seirbhís a iarraidh trí mheán na Gaeilge.

Fógróidh na hOifigí na folúntais phoist uile sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon.

Foilseoidh na hOifigí eagrán 2007 de Leabhar Thagartha na n-Achtanna Um Shaoráil Faisnéise, Ailt 15 agus 16 sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon.

Bunóidh na hOifigí seolta rphoist ar féidir fiosrúcháin as Gaeilge a sheoladh agus socróidh siad ghnáthshéanadh dátheangach a chur ar theachtaireachtaí rphoist atá ag imeacht faoin dáta thús na Scéime.

Beidh na hOifigigh Gaeilge ag comhoibriú leis na hAonaid TF faoi seach chun áiseanna trí mheán na Gaeilge a sholáthair go leictreonach agus go hinmheánach i ngach oifig thar tréimhse na Scéime. Tógfar é seo, de réir a cheile, fardal acmhainní ar nós abhcóidí le líofacht sa Ghaeilge, gluais de théarmaíocht dleathach, buntreoir chomhrá ina n-áirítear treoir d'fháilteoirí, sonraí ar bhail foirne a bhfuil líofacht na Gaeilge acu agus ábhar fóirsteanach eile atá aitheanta ag Oifigigh na Gaeilge ó am go ham agus iad i gcomhoibriú le Fo-Ghrúpaí Chomhpháirtíochta na Gaeilge.

Soláthróidh an Leabharlann agus na hAonaid Fios Ghnó i ngach oifig eolaire ábhair acmhainní atá ar fáil sa Ghaeilge.

Coinneoidh na hAonaid Áiseanna Daonna líon na bhfoirne a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu faoi athbhreithniú agus coinneoidh siad earcaíocht foirne a bhfuil cumas acu bheith ag obair trí mheán na Gaeilge agus tríd an Bhéarla faoi athbhreithniú chun dualgais a chomhlíonadh de réir mar is gá.

Mar a léirítear i bparagraif 5.1 agus 5.1.4 thuas, foilseoidh na hOifigí tuarascálacha agus foilseacháin eile agus fógraí earcaíochta i nGaeilge agus i mBéarla. Tá foirmeacha iarratais ar ainmniú abhcóide leis an Ard-Aighne ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla fosta. Ní fhoilsíonn na hOifigí bileoga eolais nó bróisiúir.

7 Monatóireacht

Coinneoidh Oifigeach na Gaeilge i ngach Oifig, agus iad ag comhoibriú le Ceannasaí an Riaracháin, oibriúcháin éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú agus cuirfidh siad tuarascáil (Tuarascáil na

Gaeilge) isteach mar atá imlínithe thuas gach sé mhí don Choiste Comhairleach Bainistíochta Áitiúil faoi seach agus chuig chomhchoiste Príomhchoiste Comhairleach Bainistíochta OAA/OPAS.

8. Poibliú na Scéime comhaontaithe

Poibleofar ábhar na Scéime seo mar aon leis na tiomantais agus forálacha na Scéime trí:-

- Scaipeadh chuig gníomhaireachtaí chuí agus comhlachtaí poiblí
- Láithreáin Idirghríasáin

Cuireadh cóip na Scéime seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith

